**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0258/2021**

27.7.2021

# TUARASCÁIL

ar ról an bheartais forbartha sa fhreagairt do chailliúint na bithéagsúlachta i dtíortha atá i mbéal forbartha, i gcomhthéacs bhaint amach Chlár Oibre 2030 (2020/2274(INI))

An Coiste um Fhorbairt

Rapóirtéir: Michèle Rivasi

PR_INI

**CLÁR**

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....................................3

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.....................................25

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........26

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar ról an bheartais forbartha sa fhreagairt do chailliúint na bithéagsúlachta i dtíortha atá i mbéal forbartha, i gcomhthéacs bhaint amach Chlár Oibre 2030 (2020/2274(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

— ag féachaint don Aontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra,

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe,1992, maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD) agus don 15ú cruinniú amach anseo de Chomhdháil na bPáirtithe leis sin (COP15),

— ag féachaint don Chonradh Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht,

— ag féachaint do Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, 2007,

— ag féachaint do Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na dTuathánach agus Daoine Eile a Oibríonn i gCeantair Thuaithe, 2018,

— ag féachaint don tuarascáil speisialta ó Phainéal Idir-Rialtasach na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (IPCC) maidir leis an athrú aeráide agus le talamh, 2019,

— ag féachaint don tuarascáil speisialta ó IPCC maidir leis an aigéan agus an crióisféar in aeráid atá ag athrú, 2019,

— ag féachaint don tuarascáil mheasúnachta dhomhanda ón Ardán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES) ar sheirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais, 2019,

— ag féachaint do Thuarascáil Cheardlainne IPBES an 29 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Bithéagsúlacht agus Paindéimí,

— ag féachaint don tuarascáil ó Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le cearta na bpobal dúchasach a cuireadh faoi bhráid Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe in 2016,

— ag féachaint do Choinbhinsiún 169 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le pobail dhúchasacha agus threibheacha, 1989,

— ag féachaint d'Ionchas Domhanda Bithéagsúlachta 5 an 15 Meán Fómhair 2020 ó Rúnaíocht an Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch,

— ag féachaint do Chruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe an 30 Meán Fómhair 2020 maidir le Bithéagsúlacht,

— ag féachaint do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna),

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige,

— ag féachaint do Ráiteas Cancún maidir le Tréadachas Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn agus Táirgeadh Beostoic do Chaomhnú na Bithéagsúlachta i bhFéarthailte agus i dTailte Féaraigh COP 13 de CBD an 14 Nollaig 2016,

— ag féachaint don tuarascáil ó Phainéal Ardleibhéil Saineolaithe ar Shlándáil Bia agus ar Chothú den Choiste maidir le Sábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain (CFS), mí Iúil 2019, dar teideal *Agroecological and other innovative approaches for sustainable agriculture and food systems that enhance food security and nutrition* [Cuir chuige agrai-éiceolaíocha agus nuálacha eile le haghaidh talmhaíocht inbhuanaithe agus córais bhia a fheabhsaíonn slándáil bia agus cothú],

— ag féachaint don tuarascáil ó FAO maidir le Riocht eolais na bithéagsúlachta ithreach – Stádas, dúshláin agus féidearthachtaí, a foilsíodh in 2020,

— ag féachaint don Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES) agus an Coinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe (CMS),

— ag féachaint d’anailís dhomhanda, 2020, ó Front Line Defenders,

— ag féachaint do Chuíchóiriú Táscairí Eorpacha na Bithéagsúlachta (SEBI) 2020, a d’eisigh an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil,

— ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 9 Márta 2020, dar teideal *Towards a comprehensive Strategy with Africa* [I dtreo Straitéis Chuimsitheach leis an Afraic](JOIN(2020)0004),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2021 dar teideal *Forging a climate-resilient Europe – the new EU Strategy on Adaptation to Climate Change* [Eoraip atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú – straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide], (COM(2021)0082),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* [Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol] (COM(2020)0381),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2020 dar teideal *EU biodiversity strategy for 2030 – Bringing nature back into our lives* [Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] (COM(2020)0380),

— ag féachaint do mholadh 2013/396/AE ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2013 maidir le prionsabail chomhchoiteanna le haghaidh meicníochtaí comhshásaimh de chineál urghaire agus cúiteach sna Ballstáit a bhaineann le sáruithe ar chearta a thugtar faoi Dhlí

an Aontais[1],

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 23 Iúil 2019 maidir le dlús a chur le gníomhaíocht AE chun foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú (COM(2019)0352) agus do na conclúidí ón gComhairle ina dhiaidh sin,

— ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle an 15 Bealtaine 2017 maidir le pobail dhúchasacha,

— ag féachaint don Chomhdhearcadh nua Eorpach maidir le Forbairt, 2017,

— ag féachaint do Phlean Gníomhaíochta AE i ndáil le Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí arna ghlacadh i mí na Samhna 2003,

— ag féachaint don mhionanailís maidir leis an Trádáil agus an Bhithéagsúlacht, a d'fhoilsigh a hArd-Stiúrthóireacht um Beartais Sheachtracha i mí an Mheithimh 2020[2],

— ag féachaint d'athbhreithniú meántéarma ar straitéis bhithéagsúlachta an Aontais[3],

— ag féachaint don mhionanailís dar teideal *The link between biodiversity loss and the increasing spread of zoonotic diseases* [An nasc idir cailliúint na bithéagsúlachta agus méadú leathadh na ngalar zónóiseach], a d'fhoilsigh a hArd-Stiúrthóireacht um Beartais Sheachtracha i mí na Nollag 2020[4],

— ag féachaint do rún uaithi an 3 Iúil 2018 maidir le sárú ar chearta pobal dúchasach an domhain, lena n-áirítear grabáil talún[5],

— ag féachaint don staidéar dar teideal *Indigenous peoples, extractive industries and human rights* [Pobail dhúchasacha, tionscail eastóscacha agus cearta an duine] a d'fhoilsigh a hArd-Stiúrthóireacht um Beartais Sheachtracha i mí Mheán Fómhair 2014[6],

— ag féachaint don mhionanailís dar teideal *Challenges for environmental and indigenous peoples' rights in the Amazon region* [Dúshláin a bhaineann le cearta comhshaoil agus cearta pobal dúchasach i réigiún na hAmasóine], a d'fhoilsigh a hArd-Stiúrthóireacht um Beartais Sheachtracha i mí an Mheithimh 2020[7],

— ag féachaint do rún uaithi an 22 Deireadh Fómhair 2020 maille le moltaí don Choimisiún maidir le creat dlíthiúil AE chun stop a chur le dífhoraoisiú domhanda atá á thiomáint ag AE agus chun é a aisiompú[8],

---

[1] IO L 201, 26.7.2013, lch. 60.
[2] https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2020/621934/IPOL_STU(2020)603494_EN.pdf
[3] Https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/communication-annex-eu-biodiversity-strategy-2030_en.pdf agus https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-8-2016-0034_EN.html
[4] https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/IDAN/2020/658217/IPOL_IDA(2020)658217_EN.pdf
[5] IO C 118, 8.4.2020, lch. 15.
[6] https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2014/534980/EXPO_STU(2014)534980_EN.pdf
[7] https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/IDAN/2020/603488/EXPO_IDA(2020)603488_EN.pdf
[8] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0285.

— ag féachaint don Chomhaontú Glas don Eoraip,

— ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhorbairt (A9-0258/2021),

A. de bhrí go mbraitheann thart ar 70 % de bhoicht an domhain go díreach ar an mbithéagsúlacht bhitheolaíoch dá slite beatha;

B. de bhrí go dtarlaíonn an chuid is mó de chailliúint na bithéagsúlachta i dtíortha i mbéal forbartha;

C. de bhrí gur foinse chriticiúil i gcónaí í an bhithéagsúlacht chun cógais leighis a fhorbairt;

D. de bhrí go dtugtar le tuiscint leis an meastachán domhanda is cuimsithí go soláthraíonn seirbhísí éiceachórais tairbhí de USD 125-140 trilliún in aghaidh na bliana, i.e. níos mó ná uair go leith méid an OTI domhanda[9];

E. de bhrí go ndéanann an t-athrú aeráide difear don bhithéagsúlacht agus go gcuireann sí go mór leis an maolú ar an athrú aeráide agus leis an oiriúnú don athrú sin trí na seirbhísí éiceachórais a dtacaíonn sí léi;

F. de bhrí go meastar go dtiocfaidh laghdú ar an mbithéagsúlacht agus ar sheirbhísí éiceachórais sna blianta amach romhainn, agus go meastar go dtiocfaidh méadú ar sholáthar ábhar agus ar éileamh na n-ábhar sin a eascraíonn as acmhainní nádúrtha a bhfuil luach margaidh reatha acu (bia, beatha, adhmad agus bithfhuinneamh);

G. de bhrí go n-áirítear caillteanas gnáthóg agus ilroinnt (go háirithe ó fhairsingiú agus diansaothrú na talmhaíochta), róshaothrú acmhainní nádúrtha (e.g. éisc), truailliú, speicis choimhthíocha ionracha agus athrú aeráide, i measc na bpríomhbhrúnna ar bhithéagsúlacht talún, mhuirí agus uisceach eile;

H. de bhrí, de réir thuarascáil mheasúnachta dhomhanda 2019 de chuid IPBES maidir le bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais, go bhfuil an chuid is mó de Spriocanna Bithéagsúlachta Aichi do 2020 caillte;

I. de bhrí gur sainaithníodh i dTuarascáil 2020 an Fhóraim Dhomhanda Eacnamaíoch maidir le Rioscaí Domhanda rioscaí comhshaoil mar na rioscaí sistéamacha is mó dár ngeilleagar domhanda;

J. de bhrí go measann ECFE gurb ionann na sreafaí airgeadais a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don bhithéagsúlacht (bunaithe ar bhreoslaí iontaise agus fóirdheontais talmhaíochta) agus USD 500 billiún in aghaidh na bliana, ord deich n-uaire níos airde ná sreafaí airgeadais domhanda do chaomhnú na bithéagsúlachta agus d'úsáid inbhuanaithe, agus de bhrí go bhfuil costas na neamhghníomhaíochta maidir le cailliúint

[9] *Biodiversity: Finance and the Economic and Business Case for Action* [Bithéagsúlacht: Airgeadas agus an Cás Eacnamaíoch agus Gnó le haghaidh Gníomhaíochta]. Achoimre Feidhmiúcháin agus Sintéis, An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), Bealtaine 2019, lch. 7.

na bithéagsúlachta ard agus meastar go dtiocfaidh méadú air sin[10];

K. de bhrí go dtuairiscíonn IPBES gur athrú ar úsáid talún, leathnú talamhaíochta agus uirbiú is cúis le níos mó ná 30 % de theagmhais ghalair atá ag teacht chun cinn;

L. de bhrí go léirítear i staidéir a rinneadh le déanaí go bhfuil idir 1.65 agus 1.87 billiún duine dúchasach, pobal áitiúil agus sliocht na hAfraice ina gcónaí i limistéir thábhachtacha an domhain maidir le caomhnú na bithéagsúlachta; de bhrí go léiríonn toradh eile go bhfuil 56 % de na daoine a bhfuil cónaí orthu i limistéir thábhachtacha maidir le caomhnú na bithéagsúlachta i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim ísil; de bhrí nach bhfuil ach 9 % díobh ina gcónaí i dtíortha ardioncaim; de bhrí go leagtar béim leis sin ar an tionchar díréireach a bhíonn ag an gcaomhnú ar an Domhan Theas, de réir an Tionscnaimh um Chearta agus Acmhainní;

M. de bhrí go bhfuil fianaise eolaíoch ann de nasc casta idir cailliúint na bithéagsúlachta agus riosca méadaitheach galar zónóiseach amhail COVID-19;

N. de bhrí go bhfuil pobail dhúchasacha agus pobail áitiúla (PDA) ag brath go mór ar thalamh, ar acmhainní nádúrtha agus ar éiceachórais dá riachtanais bhunúsacha agus dá slite beatha, agus é á chur san áireamh go bhféadfadh coinbhleachtaí criticiúla maidir le húsáid acmhainní nádúrtha agus cearta talún a bheith mar thoradh ar a gcaighdeán maireachtála íseal agus ar a n-eisiamh ón saol polaitiúil agus ón saol eacnamaíoch;

O. de bhrí go gcuimsíonn críocha dúchasacha traidisiúnta thart ar 22 % de dhromchla talún an domhain agus go gcomhfhreagraíonn siad do 80 % de bhithéagsúlacht an phláinéid;

P. de bhrí go bhfuil sé d’acmhainn ag limistéir faoi chosaint an bhithéagsúlacht a chosaint ar mhaithe leis an gcine daonna i gcoitinne, ach go bhfuil baint acu freisin, i gcásanna áirithe, le sáruithe mórscála ar chearta an duine in aghaidh PDA;

Q. de bhrí go bhfuil daoine dúchasacha fós ar na daoine is boichte, agus de bhrí go bhfuil sé ar cheann de na deacrachtaí ollmhóra atá roimh phobail dhúchasacha ar fud an domhain aitheantas dlíthiúil a fháil d’úinéireacht chomhchoiteann ar a gcuid tailte dúchasacha, go háirithe más rud é gur dearbhaíodh iad sin mar chríocha faoi chosaint;

R. de bhrí go meastar gur bunaíodh 50 % de limistéir faoi chosaint ar thailte a bhí á n-áitiú agus á n-úsáid go traidisiúnta ag pobail dhúchasacha, agus go bhfuil an céatadán is airde de i gCríocha Mheiriceá, áit a bhféadfadh sé dul thar 90 % i Meiriceá Láir;

S. de bhrí go ngineann an easpa aitheantais do ghnáthchearta talún na bpobal dúchasach riosca na grabála talún, agus ar an gcaoi sin go gcuirtear a slite beatha agus a gcumas freagairt don athrú aeráide nó do chailliúint na bithéagsúlachta i mbaol;

T. de bhrí gur shainaithin Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le pobail dhúchasacha na tionscail eastóscacha mar phríomhfhoinse coinbhleachta agus foréigin ar chríocha na bpobal dúchasach;

---

[10] *Biodiversity: Finance and the Economic and Business Case for Action* [Bithéagsúlacht: Airgeadas agus an Cás Eacnamaíoch agus Gnó le haghaidh Gníomhaíochta]. Achoimre Feidhmiúcháin agus Sintéis, ECFE, Bealtaine 2019.

U. de bhrí, de réir anailís dhomhanda, 2020 ó Front Line Defenders, gur dúnmharaíodh ar a laghad 331 chosantóir chearta an duine in 2020, arbh chosantóirí comhshaoil 69 % díobh agus gur oibrigh 26 % díobh go sonrach ar chearta na bpobal dúchasach;

V. de bhrí go bhfuil sé mar aidhm ag AE iarracht a dhéanamh go mbeadh sprioc 30 % ar a laghad ann maidir leis an mbithéagsúlacht a chosaint faoi CBD;

W. de bhrí go léiríonn bailiúchán taighde atá ag dul i méid go bhfuil eolas ríthábhachtach ag PDA agus go bhfuil ról ríthábhachtach aige i mbainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus i gcaomhnú na bithéagsúlachta, chomh maith le feabhas a chur ar shlite beatha tuaithe agus athléimneacht pobal áitiúil a fheabhsú; de bhrí nach féidir spriocanna bithéagsúlachta domhanda a bhaint amach gan cearta PDA a aithint agus a urramú;

X. de bhrí go bhfuil gealltanais agus spriocanna éiceolaíocha láidre curtha chun tosaigh ag AE leis an gComhaontú Glas don Eoraip, ach go bhfuil lorg éiceolaíoch iomlán AE fós ard, a bhfuil iarmhairtí diúltacha aige don chomhshaol i dtíortha i mbéal forbartha; de bhrí go bhfuil sé mar aidhm le Straitéis Bhithéagsúlachta AE staid a bhaint amach ina mbeidh éiceachórais uile an domhain athchóirithe, athléimneach agus cosanta go leormhaith faoi 2050, i gcomhréir le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, agus go léirítear inti tiomantas don chuspóir deireadh a chur le díothú speiceas is daoine is cúis leis faoi 2050, faoi threoir freagracht idirghlúine agus phrionsabal an chomhionannais, lena n-áirítear cearta a urramú, agus rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach PDA; de bhrí gur cheart straitéis AE agus a Bhallstát chun tacú le tíortha atá i mbéal forbartha a bheith ceaptha chun éifeachtaí an athraithe aeráide agus chailliúint na bithéagsúlachta a réamh-mheas;

Y. de bhrí go bhfuil an bhithéagsúlacht ríthábhachtach don tslándáil bia, do dhea-bhail an duine agus don fhorbairt ar fud an domhain; de bhrí go n-áirítear ar na tairbhí a eascraíonn ó éiceachórais, i measc nithe eile, íonú uisce agus aeir, rialú lotnaidí agus galar, pailniú barr, torthúlacht ithreach, éagsúlacht ghéiniteach, soláthar uisce úir, cosaint ar thuilte, ceapadh carbóin agus athléimneacht i leith athrú aeráide; de bhrí go bhfuil os cionn 75 % de bhithéagsúlacht talún an domhain agus níos mó ná 25 % de dhaonra an domhain ag brath ar acmhainní foraoise le haghaidh a slite beatha; de bhrí gur leag paindéim COVID-19 béim ar réimsí neamhionannais ar fud na gcóras agraibhia agus ar an ngá atá le táirgeadh gabháltas beag a oiriúnú agus a fheabhsú go hinbhuanaithe i dtíortha atá i mbéal forbartha, córais agraibhia a chlaochlú agus an talmhaíocht a atreorú i dtreo inbhuanaitheacht aeráide;

Z. de bhrí go léirítear i dtuarascáil speisialta IPCC ar athrú aeráide agus ar thalamh an 8 Lúnasa 2019 go bhfuil teist fhada ar phobail dhúchasacha dul in oiriúint don inathraitheacht aeráide, agus leas á bhaint as an eolas traidisiúnta atá acu, rud a chuireann lena n-athléimneacht;

AA. de bhrí go dtugtar sa tuarascáil speisialta ó IPCC maidir leis an aigéan agus an criósféar in aeráid atá ag athrú an 24 Meán Fómhair 2019 fianaise freisin ar na tairbhí a bhaineann le heolas eolaíoch agus eolas áitiúil agus dúchasach a chomhcheangal chun athléimneacht a áirithiú;

AB. de bhrí go gcuireann Airteagal 8(j) de CBD ceangal ar na Stáit is páirtithe eolas, nuálaíochtaí agus cleachtais na bpobal dúchasach agus áitiúil a urramú agus a

chothabháil, ar nithe iad atá ábhartha maidir le caomhnú agus le húsáid inbhuanaithe na héagsúlachta bitheolaíche; de bhrí nach n-aithnítear go sainráite in CBD, áfach, cearta daonna na bpobal dúchasach;

AC. de bhrí go measann Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) gur cailleadh thart ar 75 % den éagsúlacht ghéiniteach i bplandaí ar fud an domhain, agus nach ngintear 75 % de bhia an domhain anois ach ó 12 phlanda agus cúig speiceas ainmhithe, rud a bhfuil baol tromchúiseach ag baint leis do shlándáil an tsoláthair bia ar fud an domhain;

AD. de bhrí go méadaíonn cailliúint na héagsúlachta géinití, go háirithe ionadú na bpórtha áitiúla dea-oiriúnaithe, leochaileacht lotnaidí, galar agus athruithe comhshaoil, lena n-áirítear athrú aeráide; de bhrí go bhfuil domhandú margaidh na talmhaíochta ina spreagadh treisiúcháin do chreimeadh na bithéagsúlachta talmhaíochta den sórt sin, rud a chiallaíonn gur lú an acmhainn chun nuáil a dhéanamh agus chun oiriúnú don athrú aeráide;

AE. de bhrí go meastar gur trádáil idirnáisiúnta is cúis le 30 % de bhagairtí speicis ar fud an domhain;

AF. de bhrí, chomh maith leis an trádáil idirnáisiúnta, gur féidir le trádáil neamhdhleathach fiadhúlra agus trádáil neamhdhleathach adhmaid agus amhábhar dlús a chur le díghrádú agus scrios na bithéagsúlachta i dtíortha ina bhfuil institiúidí agus rialacháin chomhshaoil laga;

AG. de bhrí gur taiscumair ollmhóra bhithéagsúlachta agus príomhrialtán na haeráide domhanda iad na haigéin; de bhrí go bhfuil a gcaomhnú criticiúil don fhorbairt inbhuanaithe agus do dhíothú na bochtaineachta, lena gcuirtear slite beatha inbhuanaithe agus slándáil bia ar fáil do na billiúin duine; de bhrí gur fadhb dhomhanda agus áitiúil araon é truailliú éiceachóras muirí le plaistigh agus go bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ann don fhiadhúlra, do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus do shláinte an duine i dtíortha i mbéal forbartha; de bhrí go ndearnadh tearcmheastachán mór ar scála an truaillithe sin agus go bhfuil bearnaí fós san eolas, go háirithe na tionchair ar thailte agus ar phobail chósta; de bhrí, de réir thuarascáil Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe le déanaí dar teideal *Neglected*: *Environmental Justice Impacts of Marine Litter and Plastic Pollution* [Faillí: Tionchar an Bhruscair Mhuirí agus an Truaillithe Phlaistigh ar Cheartas Comhshaoil], bíonn tionchar díréireach ag bruscar agus truailliú den sórt sin ar dhaoine leochaileacha, rud a chuireann teachtadh iomlán agus éifeachtach chearta an duine i mbaol, agus is bacainní suntasacha iad maidir le SDGanna a bhaint amach;

AH. de bhrí go bhfuil Straitéis Bhithéagsúlachta AE tiomanta do na tairbhí a bhaineann le húsáid acmhainní géiniteacha atá nasctha leis an mbithéagsúlacht a chomhroinnt ar bhealach cothrom agus cothromasach agus do chreat cumasúcháin a chothú, agus úsáid á baint as uirlisí taighde, nuálaíochta agus teicneolaíochta;

AI. de bhrí go gcuireann coireanna comhshaoil, a bhfuil sé measta ag Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe agus ag Interpol go bhfuil a luach suas le dhá oiread an bhuiséid cabhrach domhanda, go gcuireann siad dlús le cailliúint na bithéagsúlachta agus leis an athrú aeráide, go háirithe trí choireanna foraoiseachta;

AJ. de bhrí go bhfuil forluí ann idir teophointí bithéagsúlachta agus limistéir atá thíos leis an mbochtaineacht, ós rud é go bhfuil formhór na dteophointí caomhnaithe suite i dtíortha ina bhfuil leitheadúlacht ard bochtaineachta agus neamhshlándála bia;

AK. de bhrí gur iarr Poblacht Oileáin Mhaildíve, ina ráiteas an 3 Nollaig 2019, leasú a dhéanamh ar Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta chun aitheantas a thabhairt do ghníomhartha coiriúla arbh ionann iad agus éiceadhíothú;

AL. de bhrí go dtuairiscíonn IPBES go bhfuil méadú 500 % tagtha ar luach na trádála dleathaí idirnáisiúnta fiadhúlra ó 2005 i leith, agus 2 000 % ó na 1980idí i leith[11];

AM. de bhrí go bhfuil AE ar cheann de na hallmhaireoirí is mó ar domhan d'fhiadhúlra agus de tháirgí a bhaineann leis an bhfiadhúlra;

AN. de bhrí go bhfuil an gháinneáil dhomhanda ar fhiadhúlra ar cheann de na cineálacha is brabúsaí de ghníomhaíocht choiriúil eagraithe trasteorann;

AO. de bhrí go bhfuiltear ag dréim leis, i gcás 'gnó mar is gnách, go laghdóidh an t-athrú aeráide an bhithmhais éisc faoi 30 go 40 % i roinnt réigiún trópaiceach faoi 2100, rud a mbeidh tionchar mór aige ar bhithéagsúlacht mhuirí; de bhrí go bhfuil tíortha sna limistéir sin ag brath go mór ar iascach, ach nach bhfuil acmhainní sóisialta agus airgeadais acu chun oiriúnú agus ullmhú don todhchaí;

AP. de bhrí go molann an tAontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra go ndéanfaí ar a laghad 30 % de na gnáthóga muirí uile a chlaochlú faoi 2020 ina líonra de limistéir mhuirí faoi ardchosaint;

AQ. de bhrí go gcuireann iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) inbhuanaitheacht na n-acmhainní muirí domhanda i mbaol trí rannchuidiú lena róshaothrú;

1. á chur in iúl gur cúis mhór imní di go bhfuil cailliúint na bithéagsúlachta agus na seirbhísí éiceachórais ag baint an bhoinn den dul chun cinn i dtuairim is 80 % de na spriocanna measúnaithe le haghaidh SDGanna; á iarraidh ar AE leanúint dá iarrachtaí chun a lorg bithéagsúlachta ar fud an domhain a laghdú agus é a chur i gcomhréir le teorainneacha an phláinéid;

2. á chur i bhfios go bhfuil beagnach leath den phobal daonna ag brath go díreach ar acmhainní nádúrtha le haghaidh a slí bheatha, agus go mbraitheann go leor de na daoine is leochailí agus is boichte go díreach ar an mbithéagsúlacht chun a riachtanais chothaithe laethúla a chomhlíonadh; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, go bhfuil an baol ann go gcuirfidh cailliúint na bithéagsúlachta leis an neamhionannas agus le himeallú na ndaoine is leochailí, tríd an rochtain atá acu ar shaol sláintiúil a laghdú agus trína saoirse rogha agus saoirse gníomhaíochtaí a laghdú; á mheabhrú go bhfuil an bhithéagsúlacht faoi bhagairt ag an athrú aeráide, rud a chuireann le leochaileacht na ndaoine sin agus a bhaineann an bonn dá gcearta bunúsacha agus dá ndínit; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim nach mór tacú le tíortha atá i mbéal forbartha chun beartais éifeachtacha maidir le maolú agus oiriúnú don athrú aeráide a fhorbairt agus a chur chun feidhme;

[11] Ceardlann IPBES maidir le Bithéagsúlacht agus Paindéimí, Tuarascáil Cheardlainne, 2020, lch. 23.

3. á iarraidh ar AE aghaidh a thabhairt go cuimsitheach ar bhunchúiseanna chailliúint na bithéagsúlachta agus na hoibleagáidí maidir le caomhnú, úsáid inbhuanaithe acmhainní agus athchóiriú éiceachóras a phríomhshruthú isteach ina bheartas agus ina chomhpháirtíochtaí maidir le comhar um fhorbairt sheachtrach, i gcomhréir le prionsabal an chomhtháthaithe beartais don fhorbairt d’fhonn an brú ar bhithéagsúlacht ar fud an domhain a laghdú;

4. á mheabhrú go n-éilítear leis an bhforbairt inbhuanaithe cothromaíocht mhaith a bhaint amach idir na gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil; á mheabhrú freisin go bhfuil caomhnú, úsáid agus athbhunú na bithéagsúlachta ríthábhachtach chun a lán cuspóirí beartais forbartha a bhaint amach, lena n-áirítear sláinte an duine, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, luathrabhadh, laghdú rioscaí tubaiste, uisce, slándáil bia agus cothaithe, forbairt tuaithe agus cruthú post, úsáid inbhuanaithe foraoisí, éiceachórais talmhaíochta agus córais bhia athléimneacha a chruthú nó a chaomhnú; á mheabhrú go n-iompraíonn daoine bochta, go háirithe mná agus daoine óga, chomh maith le daoine dúchasacha agus pobail nádúrtha eile atá ag brath ar acmhainní go díréireach éifeachtaí díobhálacha dhíghrádaithe an éiceachórais;

5. á thabhairt chun suntais go bhfuil AE freagrach freisin as caomhnú na bithéagsúlachta domhanda agus as úsáid inbhuanaithe na héagsúlachta bitheolaíche; á chur i bhfáth gur cheart go dtógfaí cuspóirí agus spriocanna bithéagsúlachta AE ar eolas eolaíoch fónta agus go ndéanfaí iad a chomhtháthú go hiomlán i ngníomhaíocht sheachtrach AE, go háirithe faoi shainchúram straitéisí agus comhaontuithe comhpháirtíochta, lena n-áirítear comhaontuithe iascaigh le tíortha atá i mbéal forbartha; ag áitiú gur cheart iarrachtaí caomhnaithe agus athchóirithe i dtíortha den sórt sin, go háirithe ar an leibhéal réigiúnach, a ghéarú;

6. ag meabhrú fhreagracht AE agus na dtríú tíortha forbartha maidir le cailliúint na bithéagsúlachta ar an leibhéal domhanda; á iarraidh ar AE dlús a chur leis an tacaíocht airgeadais agus theicniúil do thíortha atá i mbéal forbartha ar fud an domhain chun na spriocanna nua domhanda a bhaint amach, chun an choireacht chomhshaoil a chomhrac agus chun dul i ngleic leis na nithe a spreagann cailliúint na bithéagsúlachta;

7. ag cur béim ar dhualgas na stát éiceachórais nádúrtha agus éiceachórais atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de a chosaint agus a bhainistiú go hinbhuanaithe, agus cearta an duine agus cearta talún PDA agus shliocht na hAfraice a bhraitheann ar na héiceachórais sin chun maireachtáil a choimirciú;

8. á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit aitheantas don cheart chun comhshaoil shábháilte, ghlain, shláintiúil agus inbhuanaithe a áireamh sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, tacú leis an aitheantas domhanda don cheart sin mar cheart daonna agus tacú le cosaint chuimsitheach an dúlra, na bithéagsúlachta agus na n-éiceachóras a chumhdach mar bhunús do bheatha, lena dtabharfaí aitheantas d’idirspleáchas agus do cheart gach duine, lena n-áirítear na glúnta atá le teacht, i leith an dúlra, go háirithe trí chaighdeáin dhiana maidir le trédhearcacht, rannpháirtíocht phoiblí agus rochtain ar cheartas a fhorfheidhmiú i gcomhréir le Coinbhinsiún Aarhus agus leis an dlí idirnáisiúnta; á mheas, sa chomhthéacs sin, agus i bhfianaise go ndéantar an damáiste is tromchúisí d’éiceachórais i dtíortha atá i mbéal forbartha, gur gá gach cineál damáiste don chomhshaol a chomhrac, lena n-áirítear i dtríú tíortha uile a gcomhoibríonn AE leo, agus i dtimpeallachtaí a mbíonn daoine bochta an domhain ag brath orthu agus scrúdú a

dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, ar ábharthacht agus ar leas cearta chun dúlra a dheonú;

9. á chur in iúl gur cúis mhór imní di an bhearna ollmhór sna sonraí, sna táscairí agus sa mhaoiniú is gá chun stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta, agus neamhréireachtaí sa tuairisciú agus sa rianú ar mhaoiniú na bithéagsúlachta; á mheabhrú go bhfuil sé bunriachtanach spriocanna agus táscairí sonracha, intomhaiste agus cainníochtúla a bhunú don chreat tar éis 2020 chun feabhas a chur ar an gcumas faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn;

10. á chur in iúl gur díol sásaimh di tionscnamh na hAfraice maidir leis an 'mBalla Mór Glas' agus á iarraidh ar an gCoimisiún tacú leis an tionscadal sin;

11. á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí chun measúnú agus luacháil níos fearr a dhéanamh ar an mbithéagsúlacht agus ar sheirbhísí éiceachórais agus na luachanna sin a chomhtháthú sa chinnteoireacht;

12. á chur in iúl gur díol sásaimh di go rannchuideoidh an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI)-An Eoraip Dhomhanda le sprioc bhithéagsúlachta an chreata airgeadais ilbhliantúil fhoriomláin (CAI); á chur i bhfios go láidir go bhfuil pleanáil, grinnscrúdú agus faireachán NDICI-na hEorpa Domhanda ríthábhachtach chun spriocanna bithéagsúlachta domhanda AE a bhaint amach; á mheabhrú gur cheart do NDICI-an Eoraip Dhomhanda rannchuidiú leis an uaillmhian 7.5 % den chaiteachas bliantúil faoi CAI a chur ar fáil do chuspóirí bithéagsúlachta sa bhliain 2024 agus 10 % den chaiteachas bliantúil faoi CAI a chur ar fáil do chuspóirí bithéagsúlachta ó 2026 ar aghaidh; á iarraidh go ndéanfaí an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chur i bhfeidhm go héifeachtach ar fud chaiteachas agus chláir AE; á iarraidh go bhfeabhsófaí creat tuairiscithe agus faireacháin bheartas seachtrach bithéagsúlachta AE, *inter alia* trí fhorálacha mionsonraithe maidir le cuspóirí agus táscairí bithéagsúlachta; á iarraidh, ar bhonn níos leithne, ar AE agus ar na Ballstáit taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn maidir le caomhnú agus cosaint na bithéagsúlachta, agus réitigh agrai-éiceolaíocha chun príomhthairbhí forbartha a sholáthar, agus ar an gcaoi sin cuidiú le cur chun feidhme SDGanna;

13. á chur in iúl gurb oth léi go bhfuil buiséad seachtrach AE maidir le tacú le beartas bithéagsúlachta fós an-íseal i gcomparáid leis an mbuiséad atá curtha i leataobh do bheartais maidir leis an athrú aeráide; á iarraidh go méadófaí go héifeachtach na cistí do chosaint na bithéagsúlachta, i gcomhréir le comhaontú CAI, agus do chúnamh teicniúil chun uirlisí breise maidir le slógadh acmhainní a fhorbairt d'fhonn freagairt do ghealltanais dhomhanda maidir leis an mbithéagsúlacht; á chur i bhfáth gur gá fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol a rianú, a thuairisciú agus a chéimniú amach de réir a chéile, agus iad a dhíriú i dtreo gníomhaíochtaí atá neamhdhíobhálach don bhithéagsúlacht, i gcomhréir le Clár Oibre 2030 agus leis na Coinbhinsiúin agus na hoibleagáidí idirnáisiúnta ábhartha; á iarraidh go gcuirfí sciar suntasach de chúnamh oifigiúil forbartha AE atá tiomnaithe do ghníomhaíocht ar son na haeráide chuig tacú le comhthairbhí chaomhnú na bithéagsúlachta i maolú agus oiriúnú don athrú aeráide;

14. á iarraidh ar AE dlí éigeantach maidir le dícheall cuí a rith chun freagracht dhíreach a chur ar chuideachtaí agus ar a gcuid airgeadaithe as a áirithiú nach mbeidh a n-allmhairí faoi smál ag sáruithe ar chearta an duine, amhail grabáil talún agus díghrádú comhshaoil (lena n-áirítear dífhoraoisiú agus cailliúint na bithéagsúlachta); á iarraidh, ar bhonn níos

leithne, ar AE a cheangal ar institiúidí gnó agus airgeadais a dtiomantas don bhithéagsúlacht a mhéadú, mar shampla trí fhorálacha láidre agus éigeantacha maidir le measúnú tionchair, bainistiú riosca, nochtadh agus ceanglais maidir le tuairisciú seachtrach; á iarraidh ar ECFE tacar gníomhaíochtaí praiticiúla a fhorbairt maidir le dícheall cuí agus maidir leis an mbithéagsúlacht chun tacú leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag lucht gnó;

15. á chur in iúl gur díol sásaimh di tiomantas an Choimisiúin togra reachtach a fhorbairt maidir le cearta an duine agus dícheall cuí corparáideach comhshaoil do chuideachtaí ar fud a slabhraí soláthair; ag moladh gur cheart don togra reachtach seo tacú le forbairt modheolaíochtaí comhchoiteanna chun an tionchar ar an gcomhshaol agus ar an athrú aeráide a thomhas, agus an fhorbairt sin a éascú; ag cur béim ar a thábhachtaí atá comhairliúchán éifeachtach, fóinteach agus feasach leis na geallsealbhóirí uile a ndearnadh difear dóibh nó a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, amhail cosantóirí chearta an duine agus cosantóirí an chomhshaoil, an tsochaí shibhialta, ceardchumainn agus PDA; ag cur in iúl gurb oth léi na heasnaimh thromchúiseacha i gcur chun feidhme chreat na Náisiún Aontaithe maidir le 'Cosaint, Meas agus Leigheas' agus na Treoirphrionsabail maidir le Gnó agus Cearta an Duine i dtaca le cearta na bpobal dúchasach agus cearta talún araon; á iarraidh an athuair ar AE páirt a ghlacadh in obair Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine ar bhealach cuiditheach maidir le hionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí chun gníomhaíochtaí corparáidí trasnáisiúnta agus fiontar eile gnó a rialú, sa dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, agus lenar cheart go n-áireofaí caighdeáin shonracha chun pobail dhúchasacha a chosaint;

16. ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún togra a thíolacadh go práinneach maidir le creat dlíthiúil AE chun stop a chur le dífhoraoisiú domhanda agus díghrádú foraoise faoi thionchar AE agus iad a aisiompú, lena bhforchuirfí ceanglas ar chuideachtaí dícheall cuí a dhéanamh chun a áirithiú nach mbaineann na táirgí a chuirtear ar mhargadh AE le dífhoraoisiú, le hathrú éiceachóras nádúrtha agus le sáruithe ar chearta PDA;

***Comhtháthú beartais le haghaidh forbartha***

17. á mheabhrú go mbraitheann éifeachtacht bheartas seachtrach bithéagsúlachta AE ar chomhtháthú beartais idir an bhithéagsúlacht agus príomhbheartais sheachtracha eile de chuid AE, amhail comhaontuithe trádála agus infheistíochta;

18. ag tabhairt dá haire go léirítear sa tuarascáil mheasúnachta dhomhanda 2019 de chuid IPBES maidir le Seirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais teorainneacha an chur chuige maidir le bithéagsúlacht a chosaint trí fhairsinge spásúil na limistéar talún agus muirí faoi chosaint, arb ionann iad agus cuid de bheagán na Spriocanna Bithéagsúlachta Aichi a baineadh amach go páirteach;

19. á thabhairt chun suntais go bhfuil an bhithéagsúlacht i gcroílár a lán gníomhaíochtaí eacnamaíocha, go háirithe iad siúd a bhaineann le talmhaíocht barr agus beostoic, foraoiseacht, iascach agus go leor cineálacha turasóireachta atá bunaithe go díreach ar an dúlra agus ar éiceachórais shláintiúla; ag tathant ar AE seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais a phríomhshruthú i réimsí beartais gaolmhara uile, go háirithe talmhaíocht, iascach, foraoiseacht, fuinneamh, mianadóireacht, trádáil, turasóireacht agus athrú aeráide, chomh maith i mbeartais agus gníomhaíochtaí forbartha agus laghdaithe

bochtaineachta a chur chun cinn, agus réitigh nuálacha agus a bhféadfaí a chur chun feidhme a chur chun cinn d'fhonn dul i ngleic le cailliúint na bithéagsúlachta agus bia sláintiúil, sábháilte, inrochtana agus inacmhainne a áirithiú do chách ag an am céanna;

20. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gurb ionann tomhaltas AE agus tuairim is 10 % de sciar dhomhanda an dífhoraoisithe, go háirithe trína spleáchas ar allmhairí tráchtearraí talmhaíochta amhail ola pailme, feoil, soighe, cócó, caife, grán buí, adhmad agus rubar; á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún togra a thíolacadh in 2021 le haghaidh chreat dlíthiúil AE chun stop a chur le dífhoraoisiú domhanda atá faoi thionchar AE agus é a aisiompú, trína áirithiú nach ndéanann margaí agus patrúin tomhaltais AE difear díobhálach d'fhoraoisí agus don bhithéagsúlacht i dtíortha atá i mbéal forbartha, agus toradh iarmhartach na nithe sin ar a bpobail á chur san áireamh; á iarraidh ar AE tacaíocht a thabhairt do na tíortha sin chun inbhuanaitheacht na gcóras bia a chur chun feidhme, trí shlabhraí soláthair gairide a chruthú, an agra-éiceolaíocht a fhorbairt, tacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí beaga, agus cearta talún agus cearta pobal áitiúil á n-áirithiú ag an am céanna;

21. á iarraidh go gcuirfidh AE chun cinn, ina ghníomhaíocht idirnáisiúnta um fhorbairt, cleachtais talmhaíochta inbhuanaithe chun foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú, agus aird ar leith á tabhairt ar bhainistiú inbhuanaithe acmhainní uisce, ar athbhunú talún díghrádaithe agus ar chosaint agus athbhunú limistéar bithéagsúil ina bhfuil ardseirbhísí éiceachórais agus acmhainneacht chun an t-athrú aeráide a mhaolú; á iarraidh go gcuirfidh AE dlús le cur chun feidhme a Phlean Gníomhaíochta maidir le Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí (FLEGT) agus, go háirithe, cur chun feidhme na gComhaontuithe Comhpháirtíochta Deonaí, chun an t-éileamh ar adhmad neamhdhleathach agus an trádáil ghaolmhar a laghdú, agus chun cearta IPLC dá ndéanann an lománaíocht difear a neartú;

22. á mheabhrú go bhfuil éileamh méadaitheach AE ar adhmad lena úsáid in ábhair, i bhfuinneamh agus sa bhithgheilleagar ag dul thar theorainneacha a sholáthair, rud a fhágann baol níos mó a bheith ann go ndéanfar dífhoraoisiú allmhaire-chorpraithe, grabáil talún, easáitiú éigeantach agus sáruithe ar chearta na bpobal dúchasach; ag athdhearbhú gur cheart go bhfreagródh beartas bithfhuinnimh AE do dhianchritéir chomhshaoil agus shóisialta;

23. á chur i bhfios go láidir gur gá infheistíocht dá dtugtar tacaíocht ón Aontas sa talmhaíocht, i bhforaoisí nó in iascaigh, nó i ngnóthais a bhfuil tionchar acu ar ithir, ar fhéarthailte, ar fhoraoisí, ar uisce nó ar an bhfarraige, a bheith i gcomhréir, *inter alia*, le Treoirlínte Deonacha FAO/an Choiste maidir le Sábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain (CFS) ar Rialachas Freagrach ar Thionacht Talún, Iascaigh agus Foraoisí i gcomhthéacs Shlándáil Náisiúnta an tSoláthair Bia (VGGTanna) agus Prionsabail FAO/CFS um Infheistíocht Fhreagrach sa Talmhaíocht agus i gCórais Bhia chun éiceachórais a chosaint agus chun cailliúint na bithéagsúlachta a chosc;

24. á iarraidh go dtabharfar tosaíocht do chosaint agus athbhunú foraoisí agus do chosaint na bithéagsúlachta a NDICI atá le teacht; ag cur béim ar an bhfíoras nach féidir le foraoisí a bhfeidhmeanna iomlána don aeráid agus don chomhshaol a fhorbairt ach má bhainistítear go hinbhuanaithe iad;

25. á chur i bhfios go láidir nach bhfuil cosaint na bithéagsúlachta agus maolú ar an athrú

aeráide ag tacú go huathoibríoch le chéile; á iarraidh go bhfágfaidh an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite (RED II) í a bheith comhsheasmhach le gealltanais idirnáisiúnta AE faoi Chlár Oibre 2030, Comhaontú Pháras agus an Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, arb é is aidhm leis, i measc nithe eile, critéir inbhuanaitheachta sóisialta a thabhairt isteach, agus fós na rioscaí a bhaineann le grabáil talún a chur san áireamh;  á chur i bhfáth, chun na críche sin, gur cheart go gcomhlíonfadh RED II caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta tionachta, i.e. Coinbhinsiún EIS Uimh. 169 agus Treoirlínte Deonacha FAO/CFS maidir le Tionacht Talún agus Prionsabail um Infheistíocht Fhreagrach sa Talmhaíocht agus i gCórais Bhia;

***Talmhaíocht agus iascach***

26. ag meabhrú go bhfuil córais agraibhia agus feirmeoirí beaga ag brath ar an mbithéagsúlacht agus go bhfuil tionchar suntasach acu ar an mbithéagsúlacht; á thabhairt chun suntais, chun an bhithéagsúlacht a phríomhshruthú go héifeachtach sa talmhaíocht, gur gá a áirithiú go soláthrófar dreasachtaí airgeadais agus gníomhaíochtaí deonacha agus rialála lena gcuirtear chun cinn glacadh agus seachadadh na bithéagsúlachta agus tairbhí comhshaoil de pháirt feirmeoirí trí oiliúint, trí úsáid na teicneolaíochta agus tríd an nuálaíocht, mar aon le dea-chleachtais inbhuanaithe talmhaíochta, rud a fhágann, i measc nithe eile, gur gá acmhainní teoranta uisce a athshlánú agus aghaidh a thabhairt ar dhíghrádú talún agus ar fhású; á thabhairt chun suntais gur cheart, i gcomhréir le prionsabal an chomhtháthaithe beartais don fhorbairt, fóirdheontais lena ndéantar dochar don chomhshaol a shainaithint agus deireadh a chur leo de réir a chéile i gcomhréir leis na cinntí arna nglacadh ar leibhéal an Aontais; á iarraidh ndéanfar Measúnuithe Tionchair Comhshaoil (EIAanna) éigeantacha *ex ante* agus *ex post* éigeantacha ar an infheistíocht ghaolmhar a fhaigheann tacaíocht ón Aontas; á iarraidh, chuige sin, go gcuirfidh AE dlús lena thacaíocht airgeadais agus theicniúil do thíortha atá i mbéal forbartha;

27. á mheabhrú gur aithníodh acmhainneacht uathúil na hagra-éiceolaíochta na gnéithe eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta den inbhuanaitheacht a thabhairt chun réitigh i dtuarascálacha cinniúnacha ó IPCC agus IPBES agus freisin tríd an measúnú talmhaíochta domhanda faoi stiúir an Bhainc Dhomhanda agus FAO (IAASTD); á áitiú gur cheart go mbeadh cistiú seachtrach AE don talmhaíocht i gcomhréir le nádúr bunathraitheach Chlár Oibre 2030, Chomhaontú Páras agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht; á mheas gur cheart tosaíocht a thabhairt dá réir sin d’infheistíocht i mbarra, agrai-éiceolaíocht, agrafhoraoiseacht agus éagsúla arna n-oiriúnú go háitiúil agus atá tíosach ar acmhainní;

28. ag meabhrú go gcumhdaítear úsáid síolta géinmhodhnaithe le paitinní a bhaineann an bonn ó chearta feirmeoirí beaga agus pobal dúchasach a síolta a shábháil, a úsáid, a mhalartú agus a dhíol, rud atá cumhdaithe i gcomhaontuithe idirnáisiúnta amhail an Conradh Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht (ITPGRFA), Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach (UNDRIP) agus Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na dTuathánach agus Daoine Eile a Oibríonn i gCeantair Thuaithe (UNDROP); ag meabhrú gur minic a bhaineann barra géinmhodhnaithe le mórúsáid luibhicídí; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit oibleagáidí an Aontais faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta a chur san áireamh agus a áirithiú nach n-úsáidfear

cabhair um fhorbairt chun teicneolaíochtaí géinmhodhnaithe (GM) a chur chun cinn i dtíortha atá i mbéal forbartha;

29. ag meabhrú go bhfuil éagsúlacht síolta agus barr a fheabhsú trí aistriú chuig cineálacha frithsheasmhacha ríthábhachtach chun athléimneacht na talmhaíochta a chothú, chun dul in oiriúint do dhálaí athraitheacha amhail an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta, nuaghalair zónóiseacha, lotnaidí, triomach nó tuilte, agus an t-éileamh ar bhia agus an tslándáil bia atá i dtíortha i mbéal forbartha á gcur san áireamh; á iarraidh go dtacódh an Coimisiún, faoi shainchúram a bheartas maidir le cabhair um fhorbairt agus a bheartas trádála agus infheistíochta trádála agus infheistíochta, leis an bhfeirmeoireacht atá i gcomhréir le forálacha ITPGRFA, lena gcosnaítear cearta feirmeoirí beaga a síolta agus a n-eolas traidisiúnta féin a choinneáil, a rialú, a chosaint agus a fhorbairt (lena n-áirítear ó thaobh airgeadais de, go teicniúil, chun bainc síl a bhunú chun síolta traidisiúnta a chaomhnú agus a mhalartú, agus laistigh de chomhaontuithe saorthrádála chomh maith); á chur i bhfios go láidir nach n-oireann an tAontas do Chosaint an Chórais um Chineálacha Nua Plandaí (córas UPOV) do leasanna tíortha atá i mbéal forbartha ina bhfuil córais síolta arna mbainistiú ag feirmeoirí (earnáil neamhfhoirmiúil na síolta) agus na cleachtais maidir le síolta a shábháil, a úsáid, a mhalartú agus a dhíol forleathan; ag tathant ar an Aontas córas neamhfhoirmiúil na síolta a chur chun cinn agus córas UPOV a athchóiriú sa chaoi go mbeidh feirmeoirí beaga in ann síolta sábháilte a úsáid agus sásra cothrom maidir le comhroinnt tairbhí a thabhairt isteach; ag meabhrú gur gheall an Coimisiún go dtabharfadh sé tosaíocht do chur chun feidhme éifeachtach an CBD i gcomhaontuithe trádála agus infheistíochta, agus ag tathant ar an Aontas tacú le fhorbairt cineálacha síolta arna n-oiriúnú go háitiúil agus síolta feirm-shábháilte, lena ndéantar cearta feirmeoirí acmhainní géiniteacha a choinneáil ar mhaithe leis an tslándáil bia agus le hoiriúnú don athrú aeráide a choimirciú;

30. á iarraidh ar AE tacú le réimis ceart maoine intleachtúla a fheabhsaíonn forbairt cineálacha síolta atá oiriúnaithe ar bhonn áitiúil agus síolta saothraithe ag feirmeoirí;

31. ag meabhrú gur siocair iad cleachtais neamhinbhuanaithe sa talmhaíocht agus san fhoraoiseacht, amhail asbhaint iomarcach uisce agus truailliú de bharr ceimiceáin ghuaiseacha, ina le díghrádú suntasach comhshaoil agus le cailliúint na bithéagsúlachta; á iarraidh go dtacóidh AE leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag tíortha atá i mbéal forbartha ar rialú rioscaí lotnaidicídí a neartú, meastóireacht a dhéanamh ar a gclárúcháin lotnaidicídí agus iad a ailíniú le Cód Iompair Idirnáisiúnta FAO/EDS maidir le Bainistiú Lotnaidicídí, lena n-áirítear trí chomhar Theas-Theas, an taighde ar roghanna eile ar lotnaidicídí, agus an t-oideachas ina leith, a neartú agus a n-infheistíochtaí i gcleachtais agrai-éiceolaíocha agus orgánach agus i dtáirgeadh agrai-éiceolaíoch agus orgánach a mhéadú, lena n-áirítear i gcleachtais inbhuanaithe uisciúcháin agus bainistithe uisce; á iarraidh, sa bhreis air sin, go gcuirfeadh AE stop le honnmhairí uile táirgí cosanta barr a bhfuil cosc orthu in AE, i gcomhréir le gealltanais AE i leith an chomhtháthaithe beartais don fhorbairt, an Comhaontú Glas, prionsabal na neamhdhíobhála agus Coinbhinsiún Rotterdam 1998; á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhaíocht a dhéanamh chun toirmeasc a chur ar shubstaintí guaiseacha a bhfuil cosc orthu in AE a onnmhairiú ó AE; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go gcomhlíonfaidh táirgí onnmhairithe na caighdeáin chéanna a chaithfidh táirgeoirí Eorpacha a chomhlíonadh, agus fós substaintí guaiseacha nach bhfuil ceadaithe in AE a sheachaint agus an bealach a réiteach do mhachaire réidh ar fud an domhain;

32. Ós rud é go bhfuil teicneolaíochtaí géinfhuadair, amhail i gcás muiscítí GM le haghaidh galair veicteoir-iompartha a rialú, ina mbagairtí tromchúiseacha agus núíosacha ar an gcomhshaol agus ar an dúlra, lena n-áirítear athruithe do-athraithe ar shlabhraí bia agus ar éiceachórais, agus meath na bithéagsúlachta, ar a mbraitheann na daoine is boichte ar domhan dá slí bheatha; ag athdhearbhú gur cúis bhuartha di na dúshláin nua dhlíthiúla, chomhshaoil, bhithshábháilteachta agus rialachais a d'fhéadfadh teacht as scaoileadh orgánach ghéinfhuadair géin-innealtóireachta sa chomhshaol, lena n-áirítear chun críocha chaomhnú an dúlra; ag athdhearbhú nach mór toiliú saor, roimh ré agus feasach IPLC a lorg agus a fháil sula scaoilfear aon teicneolaíochtaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a n-eolas traidisiúnta, ar a nuálaíocht, ar a gcleachtais, ar a slite beatha agus ar an úsáid a bhaineann siad as talamh, as acmhainní agus as uisce; á chur i bhfáth nach mór é sin a dhéanamh ar bhealach rannpháirteach lena mbeidh baint ag na pobail uile a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh sula n-úsáidfear iad; á mheas, ós rud é go bhfágann teicneolaíochtaí géinfhuadair ceisteanna a bheith ann faoi na deacrachtaí a bhaineann lena n-iompar a thuar, agus go bhféadfadh orgánaigh ghéinfhuadair a bheith ina speiceas ionrach iontu féin, nár cheart scaoileadh ar bith orgánach géinfhuadair ar a ndearnadh innealtóireacht ghéiniteach a cheadú, lena n-áirítear chun críocha an dúlra a chaomhnú, i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim;

33. ag meabhrú go bhfuil caomhnú, athbhunú agus bainistiú inbhuanaithe éiceachóras muirí ríthabhachtach le haghaidh straitéisí maidir leis an athrú aeráide a mhaolú, agus fós a áirithiú go n-urramófar cearta agus slite beatha iascairí ar mhionscála agus pobal cósta; á chur i bhfios go bhfuil, sa tuarascáil speisialta ó IPCC ar an aigéan agus an crióisféar in aeráid atá ag athrú, fianaise ar na tairbhí a bhaineann le heolas eolaíoch a chomhcheangal le heolas áitiúil agus dúchasach chun athléimneacht a fhorfheidhmiú; ag tathant ar AE forbairt a dhéanamh ar chur chuige atá bunaithe ar chearta an duine i leith rialachas na n-aigéan;

34. á thabhairt chun suntais go mbraitheann tuairim is 3 bhilliún duine ar fud an domhain ar tháirgí iascaigh mar phríomhfhoinse próitéine; á chur i bhfios go láidir go bhfuil acmhainneacht iomarcach iascaireachta faoi chuimsiú na trádála idirnáisiúnta éisc, amhail i gcás an tuinnín buí in uiscí na Séiséal, ina bagairt ar shlándáil bia na bpobal cósta agus ar éiceachórais mhuirí i dtíortha atá i mbéal forbartha; ag meabhrú go bhfuil an tAontas tiomanta do phrionsabal an chomhtháthaithe beartais don fhorbairt agus don dea-rialachas; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart Comhaontuithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe a fheabhsú chun go mbeidís inbhuanaithe go fíor, go mbeidís i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil, agus go gcuirfí san áireamh leo éifeachtaí carnacha na gcomhaontuithe éagsúla iascaigh atá i bhfeidhm; á iarraidh go dtacóidh AE le gníomhaíochtaí iascaigh inbhuanaithe i dtíortha atá i mbéal forbartha, d'fhonn éiceachórais mhuirí agus chósta a athbhunú agus a chosaint; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé leanúint den chomhrac i gcoinne na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN), agus dlús a chur leis an gcomhrac sin, trí phionóis ar chleachtais choiriúla ghaolmhara a mhéadú agus trí acmhainní airgeadais a thiomnú chun na críche sin;

35. á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le cláir dhomhanda fothaithe acmhainneachta chun an bhithéagsúlacht ithreach agus Faireachlann Dhomhanda na Bithéagsúlachta Ithreach a úsáid agus a bhainistiú; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú leis na hiarrachtaí atá ar bun i gCoimisiún FAO maidir le hAcmhainní Géiniteacha do Bhia agus don Talmhaíocht le haghaidh Plean Gníomhaíochta Domhanda chun aghaidh a thabhairt ar mheath na

bithéagsúlachta do bhia agus don talmhaíocht agus chun bainistiú inbhuanaithe na bithéagsúlachta a chur chun cinn;

36. á thabhairt chun suntais go bhfuil iascairí ar mhionscála ag brath go díreach ar an mbithéagsúlacht chósta agus mhuirí dá slí bheatha; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil aigéin agus cóstaí an domhain go mór faoi bhagairt ag, mar shampla, iascaireacht neamh-inbhuanaithe, athrú aeráide tapa, truailliú talamhbhunaithe arna dhul isteach sna farraigí agus sna haigéin, truailliú mara, díghrádú na n-aigéan, eotrófú agus aigéadú; ag tathant ar an Aontas agus ar na Ballstáit na bearta uile is gá a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt, ar bhealach iomlánaíoch, ar bhunchúiseanna an truaillithe mhuirí agus an ídithe éisc trí bhíthin cur chuige cuimsitheach agus comhtháite lena gcuirtear san áireamh tionchar seachtrach bheartais earnálacha uile an Aontais, lena n-áirítear truailliú mara a eascraíonn óna bheartas talmhaíochta, chun freagairt go héifeachtach dá ghealltanais idirnáisiúnta maidir leis an mbithéagsúlacht agus maidir leis an athrú aeráide;

37. ag tarraingt aird ar a thábhachtaí atá acmhainní muirí chun freastal ar bhunriachtanais dhaonna i dtíortha atá i mbéal forbartha; á iarraidh go dtabharfar aitheantas don aigéan mar acmhainn choiteann dhomhanda d’fhonn rannchuidiú le comhlíonadh na spriocanna forbartha inbhuanaithe i dtíortha atá i mbéal forbartha agus d’fhonn cosaint éifeachtach an aigéin; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá réir sin, tacú le samhail rialachais uaillmhianach maidir leis an mbithéagsúlacht mhuirí agus acmhainní géiniteacha muirí lasmuigh de dhlínsí náisiúnta i bhfóraim iltaobhacha idirnáisiúnta, amhail na heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh; á chur i bhfáth, sa bhreis air sin, gur gá cur chuige comhtháite, atá bunaithe ar éiceachórais, i leith na n-earnálacha uile den Gheilleagar Gorm, bunaithe ar an eolaíocht, a chur chun feidhme; ag cur béim ar an bhfíoras, dá réir sin, go bhfuil sé de dhualgas ar stáit staonadh ó bhearta a dhéanamh, lena n-áirítear mórthionscadail forbartha, a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh do shlí bheatha, críocha nó cearta rochtana iascairí beaga intíre agus mara, mura rud é go bhfaightear a dtoiliú saor, roimh ré agus feasach, agus a áirithiú go gcosnóidh na cúirteanna na cearta sin; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart measúnuithe *ex ante* a dhéanamh ar thionscadail sa tionscal eastóscach, go háirithe chun meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar diúltach a d’fhéadfadh a bheith ann ar chearta an duine i gcomhthéacs pobail iascaireachta áitiúla;

***Trádáil***

38. á thabhairt chun suntais go bhfuil sé d’fhreagracht ar AE na tosca atá taobh thiar de chailliúint na bithéagsúlachta a laghdú, tríd an mbithéagsúlacht a chur san áireamh go córasach i gcaibidlíochtaí trádála agus in idirphlé le tíortha atá i mbéal forbartha;

39. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú cúramach a dhéanamh ar thionchar comhaontuithe trádála ar an dífhoraoisiú, ar chailliúint na bithéagsúlachta agus ar chearta an duine sna Measúnuithe Tionchair Inbhuanaitheachta (SIAnna), bunaithe ar shonraí eolaíocha cuimsitheacha, daingne, agus ar mhodheolaíochtaí meastóireachta;

40. á chur i bhfios gurb amhlaidh, de réir FAO, a chailltear nó a dhiomlaítear tuairim is aon trian de bhia an domhain, agus gurb amhlaidh a chailltear isteach is amach le haon trian den bhia buainte san iompar bia nó i slabhra an chlaochlaithe; ag tathant ar an Aontas agus ar na Ballstáit cleachtais a chur chun cinn lena laghdaítear cailliúint agus cur amú

bia ar fud an domhain agus cearta na dtíortha atá i mbéal forbartha chun na ceannasachta bia a choimirciú mar bhealach chun slándáil chothaitheach, laghdú ar an mbochtaineacht, agus slabhraí soláthair domhanda agus margaí áitiúla agus réigiúnacha cuimsitheacha, inbhuanaithe agus cothroma a bhaint amach, agus fós aird ar leith a thabhairt ar an bhfeirmeoireacht teaghlaigh, chun soláthar bia inacmhainne agus inrochtana a áirithiú; á iarraidh, i gcomhréir leis sin, go dtabharfar tosaíocht don táirgeacht áitiúil agus don tomhaltas áitiúil a thacaíonn leis an bhfeirmeoireacht ar scála beag, a théann chun tairbhe do mhná agus do dhaoine óga go háirithe, a áirithíonn go gcruthaítear poist áitiúla, a ráthaíonn praghsanna cothroma do tháirgeoirí agus do thomhaltóirí, agus a laghdaíonn spleáchas tíortha ar allmhairí mar aon le leochaileacht na dtíortha atá i mbéal forbartha i leith luaineachtaí praghsanna idirnáisiúnta;

41. ag tabhairt dá haire nach bhfuil na caibidlí maidir leis an trádáil agus maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe (TSD) de chomhaontuithe saorthrádála an Aontais (CSTanna) infhorfheidhmithe go héifeachtach; á iarraidh ar an gCoimisiún caibidlí TSD a atreisiú i gcomhthéacs CSTanna AE, go háirithe maidir le forálacha a bhaineann leis an mbithéagsúlacht; á chur i bhfáth, chun go mbeidís infhorfheidhmithe go héifeachtach, nach mór forálacha a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus cuspóirí comhshaoil CSTanna AE a bheith soiléir agus nithiúil agus nach mór cur chun feidhme na bhforálacha agus na gcuspóirí sin a bheith infhíoraithe; á iarraidh ar an gCoimisiún, faoi chuimsiú an athbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar an bplean gníomhaíochta 15 phointe, breithniú a dhéanamh i dtaobh breis gníomhaíochta a dhéanamh agus tuilleadh acmhainní a leithdháileadh chun go bhféadfaí caibidlí TSD a chur chun feidhme go héifeachtach, agus fós prionsabal an chomhtháthaithe beartais don fhorbairt inbhuanaithe a chur i bhfeidhm;

42. á chur i bhfios go n-áiríonn AE forálacha neamhthrádála a bhaineann leis an mbithéagsúlacht i gcomhaontuithe trádála cheana, agus ag tabhairt dá haire, ag an am céanna, gur féidir ráthaíochtaí inchurtha chun feidhme, intomhaiste agus réalaíocha a mheas;

43. á thabhairt chun suntais go bhfuil bithéagsúlacht barr saothraithe agus ainmhithe feirmshaothraithe ag meath mar thoradh ar an trádáil idirnáisiúnta; á iarraidh go ndéanfar measúnú iomlán ar thionchar díreach agus indíreach chomhaontuithe saorthrádála AE ar an mbithéagsúlacht;

44. á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú cúramach a dhéanamh ar a bheartas trádála, go háirithe a Chomhaontuithe um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch, chun a áirithiú nach mbeidh sé ar neamhréir le prionsabail an chomhtháthaithe beartais don fhorbairt, le Comhaontú Pháras ná leis an gComhaontú Glas; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle gan CSTanna nua a thabhairt chun críche a d'fhéadfadh a bheith ina siocair leis an dífhoraoisiú agus cailliúint na bithéagsúlachta ar fud an domhain a dhul in olcas;

***Sláinte phoiblí***

45. á chur i bhfáth go mbíonn idir thionchair dhíreacha agus tionchair indíreacha ag meathlú na bithéagsúlachta agus na n-éiceachóras ar an tsláinte phoiblí;

46. ag tabhairt dá haire go ndéanfadh aistí bia éagsúla mar aon le cóineasú domhanda go leibhéil mheasartha tomhaltais calraí agus feola feabhas a chur ar an tsláinte agus ar an tslándáil bia in a lán ceantar agus freisin tionchar na bithéagsúlachta a laghdú go

suntasach;

47. ag leagan béim ar an nasc idir cailliúint na bithéagsúlachta agus teacht chun cinn paitiginí zónóiseacha; ag meabhrú go bhfuil baol níos mó ann go mbeidh paindéimí ann de dheasca athruithe antrapaigineacha a fhágann an fiadhúlra, an beostoc agus daoine a bheith i dteagmháil níos dlúithe le chéile, amhail athrú ar úsáid na talún, an dífhoraoisiú, leathnú agus diansaothrú na talmhaíochta, agus trádáil agus tomhaltas fiadhúlra leathach agus neamhdhleathach, mar aon le brú déimeagrafach; á mheabhrú go bhfuil athchóiriú éiceolaíoch ríthábhachtach chun an cur chuige 'Aon Sláinte Amháin' a chur chun feidhme; á chur i bhfáth, ar bhonn is leithne, léiríodh le paindéim COVID-19 a thábhachtaí atá sé go n-aithneofaí an nasc intreach idir sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus an bhithéagsúlacht; á chur i bhfáth, dá réir sin, a thábhachtaí atá an cur chuige 'Aon Sláinte Amháin' agus gur gá, uime sin, béim níos láidre a chur ar an gcúram sláinte, ar chosc galar agus ar rochtain ar chógais i dtíortha atá i mbéal forbartha, trí chomhleanúnachas beartas trádála, sláinte, taighde agus nuálaíochta le cuspóirí an bheartais forbartha a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún, i gcomhar leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, gníomhaíocht an Aontais i gcoinne paindéimí agus bagairtí eile sláinte a atreisiú, agus fós na naisc idir paindéimí zónóiseacha agus cailliúint na bithéagsúlachta a chur san áireamh, i gcomhréir leis an togra nua ón gCoimisiún maidir le bagairtí trasteorann tromchúiseacha ar an tsláinte, agus fós cur leis an gcomhar le tíortha comhpháirtíochta an Aontais chun an baol go mbeadh paindéimí zónóiseacha ann amach anseo a laghdú agus chun tacú le forbairt conartha idirnáisiúnta ar phaindéimí faoi EDS;

48. ag meabhrú gur ón mbithéagsúlacht a eascraíonn formhór na ndrugaí a úsáidtear don chúram sláinte agus le haghaidh galair a chosc, go háirithe plandaí ar fud an domhain, cé go n-eascraíonn a lán teiripic thábhachtach ón eolas dúchasach agus ón leigheas traidisiúnta;

49. ag cur béim ar na dúshláin a eascraíonn as cearta maoine intleachtúla ar acmhainní géiniteacha agus eolas traidisiúnta i dtíortha atá i mbéal forbartha maidir le rochtain ar leigheas, táirgeadh drugaí cineálacha agus rochtain feirmeoirí ar shíolta;

50. á chur i bhfáth gur gá a áirithiú go ndéantar tairbhí acmhainní géiniteacha an dúlra a comhroinnt go cothrom agus go cothromasach agus á thabhairt chun suntais gur gá comhleanúnachas a bheith ann idir comhaontuithe idirnáisiúnta ina leith sin; á chur i bhfios go láidir nach mór rialacháin arna nglacadh chun acmhainní géiniteacha agus an t-eolas traidisiúnta gaolmhar a chosaint a bheith i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta maidir le cur chun cinn agus urramú chearta na bpobal dúchasach, mar a chumhdaítear i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, 2007, agus i gCoinbhinsiún Uimh. 169 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Pobail Dhúchasacha agus Threibheacha, 1989; á chur i bhfáth gur gá bunús acmhainní géiniteacha a nochtadh le linn imeachtaí paitinne, nuair is eol sin, i gcomhréir le Treoir 98/44/CE[12]; á iarraidh ar an gCoimisiún a éileamh go mbeadh rialacha EDT comhsheasmhach le Prótacal Nagoya a ghabhann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, chun an bhithphíoráideacht a chosc go héifeachtach;

[12] Treoir 98/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 1998 maidir le cosaint dlí aireagán biteicneolaíoch (IO L 213, 30.7.1998, lch. 13).

*Pobail dhúchasacha agus áitiúla*

51. á chur i bhfios go láidir go léiríonn measúnú domhanda IPBES an tábhacht a bhaineann le PDA do chaomhnú bithéagsúlachta domhanda agus do bhainistiú éiceachórais; á chur in iúl gur oth léi, in ainneoin na móracmhainneachta a bhaineann leis, nár baineadh úsáid éifeachtach as an eolas dúchasach, agus go bhfuil aitheantas sainráite do phobail dhúchasacha agus treibheacha, agus dá gcearta, fós ar díth i gcreataí dlíthiúla, beartais agus institiúideacha mórchuid tíortha, agus gur saincheist mhór fós é cur chun feidhme an eolais sin;

52. á chur i bhfios go láidir go rannchuidíonn tréadaithe agus úsáideoirí eile talún atá bunaithe ar an dúlra ar thailte féaraigh agus ar fhéarthailte dúchasacha le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta nádúrtha agus baile;

53. ag leagan béim ar an iliomad líomhaintí maidir le mórsháruithe ar chearta na bpobal dúchasach a thuairiscigh Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le cearta na bpobal dúchasach, arna n-eascairt, mar shampla, as eastóscadh mianraí méadaithe, as forbairt tionscadal fuinnimh inathnuaite, as forleathnú an ghnó talmhaíochta, as bearta forbartha mórbhonneagar agus as bearta caomhnaithe;

54. á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit an grinnscrúdú a dhéantar ar thionscadail agus ar chomhaontuithe trádála arna gcistiú ag an Aontas a fheabhsú chun sáruithe ar chearta an duine a chosc agus a bhrath agus chun foráil a dhéanamh maidir le gníomhaíocht a dhéanamh i gcoinne na mí-úsáidí sin, agus aird ar leith á tabhairt ar na tionscadail agus na comhaontuithe sin a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thailte, críocha nó sócmhainní nádúrtha pobal dúchasach agus pobal áitiúil, lena n-áirítear i gcás inarb é atá i gceist ná limistéar faoi chosaint a chruthú, nó limistéar den sórt sin atá ann cheana a leathnú; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh sé d'aidhm ag an Sásra Forbartha Inbhuanaithe maoiniú a dhéanamh ar thionscadail a théann chun tairbhe dóibh siúd is leochailí i leith thionchair an athraithe aeráide agus i leith thionchair chailliúint na bithéagsúlachta agus gur cheart measúnú tionchair um chearta an duine a dhéanamh ar thionscadail a mhaoinítear faoin SDM, gan ach tionscadail a bhfuil tionchar dearfach acu a bheith incháilithe don chlárú; á áitiú nach mór na gníomhaíochtaí uile i dtíortha atá i mbéal forbartha arna ndéanamh ag institiúidí airgeadais AE, go háirithe an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha, a bheith comhsheasmhach le gealltanais aeráide AE agus go cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a leanúint; á iarraidh go ndéanfar sásraí gearáin na mbanc faoi seach do dhaoine aonair nó ghrúpaí a bhféadfadh sé go ndearnadh sárú ar a gcearta de dheasca na ngníomhaíochtaí sin agus a d'fhéadfadh a bheith incháilithe do leigheasanna a threisiú agus a dhoimhniú;

55. ag meabhrú go bhfuil sé de dhualgas ar stáit faoin dlí idirnáisiúnta cearta na bpobal dúchasach chun úinéireacht a bheith acu ar a dtailte comhchoiteanna, chun iad a fhorbairt, a rialú agus a úsáid agus chun páirt a ghlacadh i mbainistiú agus caomhnú a n-acmhainní nádúrtha a aithint agus a chosaint; ag tathant ar AE a áirithiú go ndéanfar cur chuige cearta-bhunaithe a chur i bhfeidhm maidir leis na tionscadail uile a chistítear trí chúnamh oifigiúil um fhorbairt, agus aird ar leith á tabhairt ar chearta tréadaithe agus PDA, lena n-áirítear aitheantas a thabhairt dá gceart chun an fhéinchinntiúcháin agus a gceart chun rochtain a fháil ar chearta talún mar a chumhdaítear i gconarthaí maidir le cearta an duine, go háirithe UNDRIP; á chur i bhfáth gur gá cloí le prionsabal an

tsaorthoilithe fheasaigh roimh ré a chomhlíonadh mar a leagtar amach i gCoinbhinsiún Uimh. 169 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Pobail Dhúchasacha agus Threibheacha, 1989, lena n-áirítear i dtaca leis an gcinnteoireacht uile maidir le limistéir faoi chosaint, agus gur gá sásraí cuntasachta, gearáin agus sásaimh a bhunú le haghaidh sáruithe ar chearta dúchasacha, go háirithe i gcomhthéacs gníomhaíochtaí caomhnaithe; á iarraidh ar Bhallstáit sin AE nár dhaingnigh Coinbhinsiún Uimh. 169 EIS go fóill é sin a dhéanamh; á chur i bhfios go láidir go gcuireann Coinbhinsiún Uimh. 169 EIS oibleagáid ar na stáit daingniúcháin uile gníomhaíocht chomhordaithe a fhorbairt chun cearta na bpobal dúchasach a chosaint;

56. ag leagan béim ar an iliomad líomhaintí maidir le mórsháruithe ar chearta chosantóirí an chomhshaoil freisin, mar a thuairiscigh Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le cearta chosantóirí an chomhshaoil, a cháin an líon méadaitheach ionsaithe, bagairtí báis agus dúnmharuithe arna ndéanamh ina n-aghaidh; ag meabhrú go bhfuil sé d’oibleagáid ar na stáit cosantóirí an chomhshaoil agus a muintir a chosaint ar chaipadh, ar imeaglú agus ar fhoréigean, mar a chumhdaítear sa dlí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, agus freisin a gcearta bunúsacha a ráthú; á iarraidh ar an Aontas tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i sásraí cosanta sonracha agus i gcláir cosanta shonracha do chosantóirí chearta an duine maidir leis an gcomhshaol, agus freisin do phobail dhúchasacha, agus pobail áitiúla, agus na cláir sin a neartú tuilleadh, lena n-áirítear a áirithiú go leanfaidh tionscadail ProtectDefenders.eu de bheith ann; á chur i bhfáth gur gá a gcearta, a n-eolas agus a dtaithí sa chomhrac i gcoinne chailliúint na bithéagsúlachta agus an díghrádaithe comhshaoil a aithint;

57. ag tathant ar AE a áirithiú go gcosnóidh Tionscnamh NaturAfrica an fiadhúlra agus a n-éiceachórais ghaolmhara i gcomhréir le cur chuige cearta-bhunaithe i leith an chaomhnaithe, ar ina leith a theastaíonn toiliú saor, roimh ré agus feasach an IPLC lena mbaineann, in éineacht leis na grúpaí sin den tsochaí shibhialta a thacaíonn leo; á iarraidh ar AE cúnamh teicniúil agus airgeadais a sholáthar chun na críche sin;

58. ag moladh do AE agus a Bhallstáit tacú leis an Struchtúr Afracach um Rialachas, agus go háirithe Cúirt na hAfraice um Chearta an Duine agus um Chearta Pobal, chun Creat Beartais an Aontais Afracaigh maidir le Tréadachas san Afraic a chur chun feidhme agus, ar bhonn níos leithne, chun cearta tréadaithe agus pobal dúchasach a aithint;

59. á chur i bhfáth gur réamhriachtanas é cearta tionachta a dhaingniú chun bithéagsúlacht a phríomhshruthú go héifeachtach; á thabhairt dá haire, áfach, gur príomhchonstaic é an easpa comhcheart talún do phobail dhúchasacha maidir lena áirithiú go mbeidh éifeacht le caomhnú atá bunaithe ar chearta;

60. ag meabhrú go bhfuil ag an aistriú chuig geilleagar glas agus digiteach impleachtaí ábhalmhóra d’earnáil na mianadóireachta agus go bhfuil imní ann mó sa mhó go leathfaidh an mhianadóireacht chuig tírdhreacha foraoise íogaire, rud a fhágfaidh an dífhoraoisiú agus díghrádú na bhforaoisí a bheith ag dul in olcas; ag meabhrú go bhfuil 80% d’fhoraoisí an domhain i dtailte agus críocha traidisiúnta pobal dúchasach; á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí ar chleachtais mhianadóireachta fhreagracha agus inbhuanaithe a chothú, agus fós borradh a chur faoina n-aistriú chuig geilleagar ciorclach; á iarraidh, go háirithe, go bhforbróidh AE creat creat réigiúnach do thionscail eastóscacha lena gcuirfí smachtbhannaí ar chuideachtaí a dhéanann sárú ar chearta an duine agus lena soláthrófaí sásamh dlíthiúil

do phobail dhúchasacha a ndearnadh sárú ar a gcearta; á chur i bhfáth gur gá toirmeasc a chur ar thaiscéalaíocht agus saothrú mianraí sna limistéir uile atá faoi chosaint, lena n-áirítear páirceanna náisiúnta agus Láithreáin Oidhreachta Domhanda;

*Coiriúlacht chomhshaoil*

61. á chur i bhfios go láidir go bhfuil an choiriúlacht chomhshaoil ina bagairt dhomhanda ar chaomhnú an dúlra, ar an bhforbairt inbhuanaithe, ar an gcobhsaíocht agus ar an tslándáil;

62. á chur i bhfáth gur cheart gáinneáil ar an bhfiadhúlra a aicmiú mar choir thromchúiseach i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta d’fhonn comhar idirnáisiúnta a éascú, go háirithe i gcomhthéacs ina bhfuil baol mór ann go mbeidh paindéimí ann amach anseo mar gheall ar an trádáil san fhiadhúlra agus ar thomhaltas an fhiadhúlra;

63. á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Gníomhaíochta AE i gcoinne na Gáinneála ar Fhiadhúlra chun trádáil neamhdhleathach fiadhúlra a chomhrac; á chur in iúl gur geal léi na dréachtbhearta arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún a bhfuil sé mar aidhm leo ar thrádáil AE in eabhar a chosc; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, ina leith sin, a bheith chun tosaigh sa ghníomhaíocht idirnáisiúnta chun stop a chur leis an éileamh ar eabhar eilifinte agus aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na géarchéime maidir le póitseáil eilifintí, trí dhlús a chur lena gcomhar le tíortha san Afraic agus trí bhreis cúnaimh a thabhairt dóibh; á iarraidh go ndéanfar athbhreithniú ar an Treoir um Choireacht Chomhshaoil[13] trína raon feidhme a leathnú agus trí fhorálacha sonracha le haghaidh sáruithe a thabhairt isteach chun a áirithiú go ndéanfar coireanna comhshaoil, lena n-áirítear an iascaireacht neamhdhleathach, coireacht fiadhúlra agus coireacht foraoise, a aithint mar choireanna tromchúiseacha agus a phionósú go leormhaith, go háirithe i gcomhthéacs na coireachta eagraithe, agus, ar an gcaoi sin, díspreagadh láidir a chruthú;

64. ag tathant ar thíortha soláthair, idirthurais agus éilimh i dtrádáil neamhdhleathach fiadhúlra a leibhéil chomhair a dhoimhniú chun an trádáil sin a chomhrac feadh an tslabhra ina iomláine; ag tathant, go háirithe, ar rialtais na dtíortha soláthair an méid seo a leanas a dhéanamh; i) feabhas a chur ar an smacht reachta agus iombhagairtí éifeachtacha a chruthú trí neartú a dhéanamh ar an imscrúdú coiriúil, ar an ionchúiseamh coiriúil agus ar an bpianbhreith choiriúil; ii) dlíthe níos láidre a achtú lena gcaithfear leis an ngáinneáil neamhdhleathach ar an bhfiadhúlra mar ‘choir thromchúiseach’ ar cheart an leibhéal céanna airde a thabhairt uirthi is a thugtar ar chineálacha eile coireachta trasteorann tromchúisí; iii) níos mó acmhainní a chur i leataobh chun an choireacht fiadhúlra a chomhrac, go háirithe chun forfheidhmiú an dlí a mhéid bhaineann leis an bhfiadhúlra, rialuithe trádála, faireachán, agus brath agus urghabháil custam a neartú; iv) beartas neamhfhulaingthe ar an éilliú a ghlacadh;

65. ag tabhairt dá haire go bhfuil an choireacht chomhshaoil ina bagairt ar shlándáil an duine trí dhamáiste a dhéanamh d’acmhainní atá bunriachtanach do shlite beatha, trí bheith ina siocair le foréigean agus coinbhleachtaí, tríd an éilliú a ghéarú agus trí dhíobháil eile a dhéanamh; ag tathant ar AE tosaíocht sháraitheach pholaitiúil

[13] Treoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil (IO L 328, 6.12.2008, lch. 28).

straitéiseach sa chomhar breithiúnach idirnáisiúnta i bhfóraim idirnáisiúnta a dhéanamh den chomhrac i gcoinne na coiriúlachta comhshaoil, go háirithe trí chomhlíonadh comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha a chur chun cinn trí smachtbhannaí coiriúla a ghlacadh agus trí mhalartuithe dea-chleachtas agus trí mhéadú ar raon feidhme na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta i dtreo is go gcumhdódh sí gníomhaíochtaí coiriúla arb ionann iad agus éiceadhíothú a chur chun cinn ; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit acmhainní airgeadais agus daonna iomchuí a leithdháileadh ar choireanna comhshaoil a chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh;

66. á chur i bhfios go láidir go bhfuil forbairt tagtha ar an dlí idirnáisiúnta chun glacadh le coincheapa nua amhail oidhreacht chomhchoiteann an chine dhaonna, forbairt inbhuanaithe agus na glúnta atá le teacht, ach á chur i bhfáth nach bhfuil buansásra idirnáisiúnta ann chun faireachán a dhéanamh ar dhamáiste agus scrios don chomhshaol, ná chun aghaidh a thabhairt orthu, a athraíonn na hacmhainní uilechoiteanna domhanda nó na seirbhísí éiceachórais; á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit, chun na críche sin, tacú le haistriú paraidíme chun éiceamharú agus ceart na nglúnta atá le teacht a áireamh sa dlí idirnáisiúnta comhshaoil;

°

° °

67. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 13.7.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 16<br>–: 1<br>0: 9 |
| **Comhaltaí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Anna-Michelle Asimakopoulou, Hildegard Bentele, Dominique Bilde, Udo Bullmann, Antoni Comín i Oliveres, Ryszard Czarnecki, Gianna Gancia, Charles Goerens, Mónica Silvana González, Pierrette Herzberger-Fofana, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Beata Kempa, Pierfrancesco Majorino, Erik Marquardt, Janina Ochojska, Jan-Christoph Oetjen, Michèle Rivasi, Marc Tarabella, Miguel Urbán Crespo, Chrysoula Zacharopoulou, Bernhard Zimniok |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Ewa Kopacz, Iskra Mihaylova, Marlene Mortler, Patrizia Toia |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 16 | + |
|---|---|
| ID | Dominique Bilde, Gianna Gancia |
| NI | Antoni Comín i Oliveres |
| Renew | Charles Goerens, Iskra Mihaylova, Jan-Christoph Oetjen, Chrysoula Zacharopoulou |
| S&D | Udo Bullmann, Mónica Silvana González, Pierfrancesco Majorino, Marc Tarabella, Patrizia Toia |
| The Left | Miguel Urbán Crespo |
| Verts/ALE | Pierrette Herzberger-Fofana, Erik Marquardt, Michèle Rivasi |

| 1 | - |
|---|---|
| ID | Bernhard Zimniok |

| 9 | 0 |
|---|---|
| ECR | Ryszard Czarnecki, Beata Kempa |
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, Hildegard Bentele, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Ewa Kopacz, Marlene Mortler, Janina Ochojska |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh